| Meitheal Forbartha Bhéarla na hArdteistiméireachta | Cruinniú 7: an 4 Nollaig 2024 |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Réamhrá, miontuairiscí, leithscéalta, nithe ag éirí, agus léiriú spéise.** | Fuarthas leithscéalta, faomhadh agus leasaíodh miontuairiscí. Sna nithe ag éirí pléadh an chaoi a mbeadh na miontuairiscí ina léiriú ar ráitis ionadaithe na n-eagraíochtaí aonair. Níor cuireadh aon dearbhuithe leasa in iúl. |
| **Athbhreithniú ar na Torthaí Foghlama do Shnáithe 3 agus 4** | Pléadh agus leasaíodh foclaíocht na dTorthaí Foghlama i snáitheanna 1 agus 2. |
| **Ailíniú: Aidhmeanna, réasúnaíocht, príomhinniúlachtaí, snáitheanna** | Rinne an mheitheal forbartha plé i ngrúpaí ar an ailíniú idir an réasúnaíocht, na haidhmeanna, na snáitheanna agus na torthaí foghlama. Tugadh aiseolas faoi deara agus moladh leasuithe le haghaidh tuilleadh forbartha. |
| **Measúnú** | Cuireadh i láthair an dréachtchuid den tsonraíocht a bhaineann le measúnú agus rinneadh plé uirthi. Sa phlé a lean as sin, mheas duine amhain den ghrúpa forbartha go raibh roinnt príomhghnéithe dodhéanta. Rinneadh plé fada ar lárnacht na labharthachta sa tsonraíocht agus gur gá measúnú bailí a bheith ann lena léirítear aidhmeanna agus réasúnaíocht na sonraíochta. Pléadh saincheisteanna an chothromais agus an leanúnachais.<br>Brúfar ar aghaidh le tuilleadh plé chun na saincheisteanna sin a leigheas roimh an gcéad chruinniú eile. |
| **Seisiún iomlánach** | Na chéad chéimeanna eile:<br>• Forbrófar Aidhmeanna, Réasúnaíocht agus Torthaí Foghlama athbhreithnithe don chéad chruinniú eile.<br>• Déanfar tuilleadh plé ar na comhpháirteanna measúnaithe.<br>• Beidh an chéad chruinniú eile ar siúl ar an 8 Eanáir i bPort Laoise. |